Iompar maidir le caitheamh tobac i measc leanaí scoile na hÉireann

HBSC (IOMPRÍOCHT SLÁINTE i LEANAÍ ag AOIS SCOILE) na hÉIREANN 2002

Bileog Fíricí Taighde 1

An Dr Michal Molcho agus an Dr Saoirse Nic Gabhainn, an tIonad Léinn um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh.

Achoimre

Fuair HBSC na hÉireann go dtuairiscíonn 18.6% de leanaí go gcaitheann siad tabac i láthair na huaire, rud a léiríonn laghdú beag ó 1998. Ardaíonn an céatadán leanaí a chaitheann tobac le haois, ó 4.6% de bhuachaillí idir 10-11 bhliain agus 2.6% de chailíní idir 10-11 bhliain, go 30% de bhuachaillí idir 15-17 mbliana agus 33% de chailíní idir 15-17 mbliana. Tuairiscíonn na leanaí a chaitheann go bhfuil léargas níos diúltaí acu ar an scoil, droch-chumarsáid acu lena dtuismitheoirí agus nach n-airíonn siad chomh sásta faoina saoil is a airíonn leanaí nach gcaitheann. Is mó an seans go mbeidh caidreamh maith ag leanaí a chaitheann lena gcairde ná mar a bheidh ag leanaí nach gcaitheann tobac agus is mó an seans freisin go gcaithfidh siad níos mó tráthnónta amuigh lena gcairde ná mar a chaithfidh leanaí nach gcaitheann tabac. Tagraíonn caitheamh tabac reatha sa bhileog fíricí seo do leanaí a deir go gcaitheann siad ar a laghad uair sa mhí.

Cén fáth a gcuirtear béim ar an ábhar seo?

Is príomhchúis é caitheamh tobac le tinneas agus bás anabaí i dtíortha forbartha[3]. Cé go dtarlaíonn an chuid is mó de bhásanna a bhaineann le caitheamh tobac níos deireanaí sa saol, tosaíonn daoine ag caitheamh tabac go minic sna déaga. Is féidir le tobac greim a fháil ar ógánaigh a chaitheann é sula bhfásann siad ina ndaoine fásta, rud a chiallaíonn go mbeidh sé níos deacra orthu éirí as agus go mbeidh seans níos fearr go mbeidh galar a bhaineann le tobac orthu[4].

Treochtaí 1998 – 2002

Tá laghdú beag tagtha ar chéatadán na leanaí a thuairiscíonn go gcaitheann siad tabac ó 21.2% i 1998 go 18.6% in 2002. Tá an laghdú seo níos suntasaí i measc buachaillí (ó 21.2% go 17.9%) ná i measc cailíní (ó 21.2% go 19.2%). Tá an laghdú is mó le feiceáil i measc leanaí idir 12-14 bliana d'aois. Tá na laghduithe seo beag, áfach, agus d'fhéadfadh siad titim laistigh de lamháil earráide na staitistice.

...Iompar maidir le caitheamh tobac i measc leanaí scoile na hÉireann



Céatadán na leanaí a chaitheann tobac i láthair na huaire de réir aoise agus inscne

Iompar maidir le caitheamh tobac a chur i gcomhthéacs

- Is lú an seans go mbeidh daoine a chaitheann tobac ina gcónaí le beirt tuismitheoirí ná iad siúd nach gcaitheann (17% vs 28%).
- Is lú an seans go mbeidh daoine a chaitheann tobac ábalta labhairt lena máithreacha (35% vs 78%) agus lena n-aithreacha (37% vs 57%).
- Is mó an seans go mbeidh daoine a chaitheann tobac ábalta labhairt go héasca lena ndlúthchairde ná iad siúd nach gcaitheann (20% vs 14%).
- Is mó an seans go gcaithfidh daoine a chaitheann tobac ceithre thráthnóna nó níos mó lena gcairde ná iad siúd nach gcaitheann tobac (26% vs 13%).
- Is mó an seans go dtuairisceoidh leanaí a chaitheann tobac nach dtaitníonn an scoil leo ná iad siúd nach gcaitheann (49% vs 27%).
- Is lú an seans go dtuairisceoidh leanaí a chaitheann tobac go bhfuil sláinte fhíormhaith acu ná iad siúd nach gcaitheann (14% vs 31%) agus is lú an seans go mbeidh siad sásta faoina saol (32% vs 47%).
- Ní bhaineann caitheamh tobac le haicme shóisialta ná le brú maidir le hobair scoile.

...Iompar maidir le caitheamh tobac i measc leanaí scoile na hÉireann



Céatadán de dhaoine atá 15 bliana d'aois a chaitheann faoi láthair, de réir a tíre

Idirnáisiúnta

Áirítear leanaí Éireannacha cúig bliana déag d'aois (idir bhuachaillí agus chailíní le chéile) sa seachtú áit is fiche as 35 tír san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh, agus 27% díobh ag tuairisciú go gcaitheann siad tobac faoi láthair. Ina iomláine, tuairiscíonn 5% de leanaí Éireannacha aon bhliain déag d'aois (sa naoú áit) agus 10% de leanaí Éireannacha trí bliana déag d'aois (sa tríochadú háit), go gcaitheann siad tobac faoi láthair.

Impleachtaí

Thar na blianta tá laghdú tagtha ar an líon leanaí a thuairiscíonn go gcaitheann siad tobac faoi láthair agus tá sé réasúnta íseal in Éirinn i gcomparáid le tíortha eile san Eoraip agus i Meirceá Thuaidh. Caitheann aon tríú díobh siúd idir 15-17 mbliana d'aois, áfach, ar a laghad uair sa mhí. Léiríonn an t-eolas seo go bhfuil ról cosantach ag baint le caidreamh maith le tuismitheoirí, agus go n-ardaíonn caidreamh le piaraí an dóchúlacht go gcaithfidh siad tobac. Ba cheart tuilleadh airde a dhíriú ar chaitheamh tobac a chosc agus ar thacaíocht chun caitheamh a stopadh i measc daoine óga.

...Iompar maidir le caitheamh tobac i measc leanaí scoile na hÉireann

Tagairtí

1. Currie, C., Samdal, O., Boyce, W. & Smith, R. (eagí) (2001). *Health behaviour in school-aged children: a WHO cross-national study (HBSC): research protocol for 2001/2002 survey.* Dún Éideann: CAHRU, Ollscoil Dhún Éideann.

2. Currie, C., Roberts, C., Morgan, A., Smith, R., Settertobulte, W., Samdal, O. & Barnakov-Rasmussen, V. (eag.) (2004). *Young people's health in context.* Health Policy for Children and Adolescents No. 4. Cóbanhávan: WHO-EURO.

3. Murray, C.J.L. & Lopez, A.D. (1996). *The global burden of disease. A comprehensive assessment of mortality and disability from disease, injuries, and risk factors in 1990 and projected to 2020*. Cambridge, MA: Harvard School of Public Health.

4. *Preventing tobacco use among young people: a report of the Surgeon General* (1994). Atlanta, GA: US Department of Health and Human Services, Public Health Service, Centres for Disease Control and Prevention, National Centre for Chronic Disease Prevention and Health Promotion, Office on Smoking and Health.

Staidéar taighde is é an Iompraíocht Sláinte Leanaí na hÉireann a rinne líonra idirnáisiúnta d'fhoirne taighde [1,2] i gcomhar leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (Eoraip) agus a chomhordaigh an Dr Candace Currie ó Ollscoil Dhún Éideann. Sa bhliain 2002, rinne HBSC na hÉireann suirbhé ar 8,424 leanbh Éireannach ó scoileanna éagsúla ar fud na tíre.

Tá tuilleadh eolais le fáil ag www.hbsc.org, ag www.nuigalway.ie/hbsc agus ag www.hbsc.org/countries/ireland.html

Faigheann HBSC na hÉireann maoiniú ón Aonad um Chothú Sláinte sa Roinn Sláinte agus Leanaí. Fuarthas cúnamh deontais ón mBord Taighde Sláinte chun an bhileog fíricí seo a chur le chéile. Bhí HBSC na hÉireann ina chuid de Shuirbhéanna Náisiúnta Sláinte agus Nós Maireachtála a stiúraigh an tOllamh Cecily Kelleher. Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh leis na leanaí, na múinteoirí agus na scoileanna ar fad a ghlac páirt sa suirbhé agus aitheantas a thabhairt don méid a rinne ár gcomhghleacaithe san Ionad Léinn um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh.

Táimid fíorbhuíoch d'Oifig an Aistriúcháin in OÉG as an obair aistriúcháin ar fad a rinneadh.